# TOMÁS BAIRÉAD PAPERS

## GP2/59

Galway County Council Archives

GP2/59(1)

Teach Laighean,
12/1/52

A Thomáis, a Chara,

Fuair mé do litir. Ba í an scéal nua. Is fada mé ag cuimhniú ar scríobh chugat ach an leisce agus an drugall mar is gnáthach. Níor scríobhas le bliain go dtí mo mhuintir i Meireaca ná i Sasana. Mar is eolas duit bhí mé x tinn i bhfad fiorchruógach an bhliain seo caite. Níor thaise duit féin is cosúil. Aithním x2 do chuid oibre ar an bPress i gcónaí.

Bhí fúm scéala a X chur chugat faoi imeachta nithe i gcúrsaí Foilseoireachta

ach ní baileach an cúrsa
i gcrích fós chomh fada
is a bhíonns sé liomsa
(nó linne ba chóir a
rá).

Is dóigh gur chuala
tú ar a dhul sa
Roinn Oideachais don
x * mhaolánach gur thosaigh
sé ag brostú an
Ghúim. Cuireadh
x roinnt toscaireachtaí
chuige ag iarraidh air
an Gúm a dhealú
ó Roinn an Oideachais
agus é chur faoi Bhord
neamhspleách a
dtiurfadh an Rialtas
deontas dó ar nós

 G.P2/59(2)

an E.S.B. etc. Silim gur
lucht an Roinn Ordeachais
dallach — dubh air ach
ní éistfeadh sé leis an
moladh sin. Tá an
rud mar sin idirchamán
— ar le suas le
bliain, cruinnithe,
díospóireachta, seo siúd
mar sin ar bun ag
an gComhdháil
Náisiúnta, an Club
Leabhar etc. D'iarr
Cumann na Scríbhneoirí
éisteacht ar an
Taoiseach go gairid
roimhe an Nollaig.
Aisteach go leor
Suarceamar beagnach

ar an toirt é. Tá sé
× thart le tuilleadh agus
seachtain. Bhí an tAire
Oideachais freisin i
láthair. Tá seisean
bodhar agus an
Taoiseach dall! Ar
aon chor tugadh
× éisteacht dúinn — dhá
uair an chloig agus
leagamar orthu — Chos
Scéim ann. Ghealladar
dúinn go dtiúrfaidís
deontais d'Fhoilsitheoirí
príobháideacha ar
son leabhra Gaeilge
a ~~chuirfidís i a~~
d'fhoilsceoidís. D'iarr
an tAire Oideachais ar

GP2/59 (3)



a theacht chuige faoi
cheann cupla lá leis
an ngnó sin a shocrú.
Chuaigh agus síleim
nach bhfuil aon dul
siar anois ar an
~~taobh~~ méid sin. Chuala
cheana gur chun
méide a bheas suim
an deontais seo ó
bhliain go ~~bh~~
bliain. Cuirfidh sé
in acmhainn
Sháirséal agus Dill
faoiseacht ag cur
roinnt leabhar nach
nach bhfeadfaidís
a dhéanamh dhá

agus an chaoi a bhfuil
costais chlódóireachta,
luach leabhar etc. anois.
Mar an gceanna le
Foilseachain Naisiunta
agus is dóigh nach
leis ~~ab Sh~~ ~~an~~ Seabhac,
Colm Ó Lochlainn etc.
(ab Shaillé) a leas a bhaint as
Freisin. Mar sin féin
ní bheidh na
deontais seo chomh
rabairneach is
go ndéanfaidh
na foilseoirí seo
aon bhrabach
ar leabhra Gaeilge,
ná ní mheasaim

G12 /59 (4)

go mbeidh aon tocaíocht, fiú tracht air, le fáil ag aon scríbhneoir uathu.

D'iarradar orainn freisin ag an Agallamh meamram eile (focal naofa i gcúrsa Statsheirbhíse) a chur chuca ina mbeadh ár mbarúla féin mar d'fhoilsímís dóibh iad × an lá sin. Níor chuireamar isteach é sin fós, ach ón méid ba léir dúinn × ar an dtíre oideachais ó Shoin ag plé leis faoi na deontais, ní ró-dhrogallach a bheadh

sé an Gúm a ligean
ón Roinn ar fad.
Ach tá an scéal
ina phráiseach agam
anois. Ba cheart dom
a rá go bhfuil an
tAire dhairire ag
brostú an Ghúim anois
agus go dtiocfaidh
na seanlámhscríbhinní
atá le blianta ag
an nGúm amach
ina snáth mara. Dúirt
sé liom go bhfuil
11 leabhar le theacht
amach i ndeireadh
na míosa seo agus

GP2/59(5).

~~8~~ - 9 -

is eolas dom gur fíor sin
ar bhealach eile. Fuair
mé féin nóta dom mo
bhrostú faoi aistriúchán
ar thosaíos air chúig
bhliana ó shoin.
Cloisim go bhfuil lucht
X an Ghaim ag gearán
nach féidir leo
l3.5. a fháil anois. Mar
sin is chucusan is
fearr duit do chuid
ábhair a chur. Beidh
rud éigin dá bharr
agat, rud nach mbeadh
ó fhoilseoir príobháideach,
go háirithe leithéidí
Saorséal agus Dill nach
bhfeadfadh aon tacaíocht

mhór airgid a bheith acu agus a
chaill ar fhormhór na
leabhar a chuireadar amach go
dtí seo, dearfainn. Díoladh
beagnach 3,000 cóip de Chré
na Cille agus ina dhiaidh
níl costas foilseoireachta
glanta fós aici, ní áirím
aon táillí údair ná a
leitheid. Chonic fada is a
bhaineas sé liom féin ar
aon nós - táillí ná eile -
b' fhearr liom gan aon
fhocal eile a scríobh
go brách ná a dhul ag
plé leis an nGúm, is
é sin leis an Roinn
Oideachais.

Dar ndóigh, tá na
× himeachta sin thuas

GP2/59(6)



\+ leathriunmhar agus b'Shearr gan mórán a rá Suthu go Soill.

Deirtear liom go bhSuil Tomás O hEineacháin ag iarraidh éirí as a phosta — or pinsean. Tá tinneas aisteach éigint air nach mbíonn a mhacsamhail ar dhuine i chuile 50,000.

Chuile dhuine anseo anois ina gcraiceann ag "developáil" na Gaeilge. Itheann Padráig Óg cloigeann muice ar 6/6 asan

"Big Bear" ó Sr. Talbóid
Chuill dheireadh seachtaine
le brí a chur ann
chun deoclopála. Leas
trachtas an Toirbínigh
agus dar liom is fearr
é ná "Forbairt na
Gaeilge". Tá sé an-
"réabhlóideach". Eadrainn
féin rinne Niall roinnt
mhaith gudaíochta ar
smaointe cupla duine
eile againn ach a
chonaich sin air ó
d'éirigh leis. Ó tháinig
an leabhar amach
cloisim gur "deoclopáil"

Mac Fhéilimidh Dhónaill
X Phroinsias a lán gabháil.
Tá mé ag ~~scríobh~~
athscríobh giotaí de
Athmeachan agus beidh
profaí agam de Chois
Chaoláire an tseachtain
seo chugainn. Tá
Sáirséal agus Dill i ndon
leabhar a thabhairt
amach an-éasca-
tá gléas nua acu
féin — ach ní bheidh
aon cheo de bharr
do shaothair agat.
Ach scaoilfidh tú iad
a thriail mar sin
féin más maith leat.

Bíonn fáilte acu roimh lss. i gconaí.

Ní fiú morán a bhfuil ag teacht ón gClub Leabhar. An rud ~~deiridh~~ a chuireadar amach a raibh aon mhaith ann Nua-Bhéarsaíocht. Bhí a chuntas féin i leabhar Néill, measaim.

Chonaic mé Máire agus Treasa uair nó dhó. Mheadaigh Treasa as cuimse, bail ó Dhia uirthi.

Bhí mé thiar faoin Nollaig ón ~~do~~ gceann deireannach de Lá Fhéil Stiofáin go dtí an Satharn dar gcionn. Ní raibh aon bhusanna ann. B'éigin dom féin agus d'fhear an taxi

GP2/59(8)



Crann a réiteach den bhóthar ag na Sorbacha, casadh suas bothairín portaigh ag an Trá taobh thoir den Spidéal le dhul amach ar bhóthar Mhaigh Cuilinn agus anuas den Spidéal arist. Bhí stoirm agus dhá lá agus sneachta an tríú lá. Ní dheachaigh mé níos faide ón teach ná an iothlainn ar feadh na cuairte sin. An iothlainn. Barr as chuile mhúradh bhuaíl

mé, i lár stoirme agus
sneachta agus nuair
nár tholg mé an t-eag!
B'shada liom go raibh mé
ar ais i mBaile Átha
Cliath arist.

Sílim nach beag
sin!

Do chara, go buan,
M. Ó Cadhain.